An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH

# RÁITEAS STRAITÉISE

**2025 – 2028**



# BROLLACH



**Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Ráiteas Straitéise 2025-2028 CSO ina leagtar amach na haidhmeanna, na tosaíochtaí agus an treo straitéiseach don CSO sna trí bliana amach romhainn.**

Tá sé tábhachtach go mairimid i sochaí atá ar an eolas, agus staidreamh iontaofa a tháirgtear go neamhspleách agus lena ndéantar cur síos cruinn ar gheilleagar, sochaí, timpeallacht agus muintir na hÉireann mar thaca léi. Is é ról an CSO ná staidreamh a sholáthar, arna tháirgeadh trí mhodheolaíocht dea-chleachtais idirnáisiúnta a úsáid, lena dtacaítear le cinnteoireacht agus le plé bunaithe ar fhianaise ar fud shochaí na hÉireann.

Tá forbairtí laistigh de chóras staidrimh na hÉireann á stiúradh ag an CSO trína ról maidir le comhordú an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta (NDI). Sa cháil sin, spreagann agus tacaíonn an CSO le forbairt leanúnach caighdeán, scileanna agus seirbhísí sonraí ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí lena gcuirfear le raon agus caighdeán na faisnéise atá ar fáil do gach cuid den phróiseas forbartha beartais.

Is forbairt thábhachtach don CSO sna trí bliana amach romhainn é Daonáireamh 2027 nuair a bheidh an rogha ag an bpobal an fhoirm daonáirimh acu a líonadh ar líne den chéad uair riamh. Cuirfear faisnéis thar a bheith luachmhar ar fáil le Daonáireamh 2027 ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta chun cúram sláinte, oideachas, iompar, tithíocht agus seirbhísí eile a phleanáil.

In 2026, beidh ról suntasach ag an CSO in uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach trí chathaoirleacht a dhéanamh ar an Meitheal um Staitisticí le freagracht as leasuithe na mBallstát ar reachtaíocht staidrimh an Aontais Eorpaigh a thiomsú. Le linn uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach, óstálfaidh an CSO cruinniú straitéiseach ardleibhéil Ard-Stiúrthóirí an Chórais Staidrimh Eorpaigh chun treo an staidrimh Eorpaigh amach anseo agus an chaoi go bhféadfadh le staidreamh oifigiúil fanacht ábhartha agus iontaofa a phlé.

Tá muinín agam go gcuirfidh an CSO an straitéis uaillmhianach i gcrích leis an tiomantas agus leis an saineolas saintréitheach, agus leis na príomhluachanna eagraíochta arna leagadh amach sa Ráiteas Straitéise seo mar bhonn taca fúithi. Guím gach rath ar an CSO leis an saothar seo.

**Mary Butler**
*Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh*

**Meán Fómhair 2025**

# RÉAMHRÁ



**Tá áthas orm, mar Ard-Stiúrthóir, an Ráiteas Straitéise don Phríomh-Oifig Staidrimh don trí bliana amach romhainn a chur i láthair. Tá an Straitéis ag teacht lenár ndoiciméad físe níos fadtéarmaí CSO 2030 agus leagtar amach inti an tábhacht a bhaineann lenár misean chun cur síos a dhéanamh ar Éirinn agus a muintir, sochaí, geilleagar agus timpeallacht. Athdhearbhaítear sa Straitéis ár bhfís maidir le Léargas Neamhspleách do Chách agus leagtar amach inti ár suíomh laistigh den Chóras Náisiúnta Staidrimh agus den phobal staidrimh idirnáisiúnta.**

Táimid tiomanta don nuálaíocht agus don ghlacadh le hathruithe agus ár bpríomhchlár oibre á thabhairt i gcrícha againn agus a áirithiú go gcloífimid leis na caighdeáin is airde inár n-aschur staidrimh. Cuireann an Straitéis seo leis na deiseanna a thagann ó fhoinsí nua sonraí chun freastal ar riachtanais faisnéise atá ag leathnú, fad a shainaithnítear príomhról ár mbailiú sonraí príomha chun ionadaíochas ár sonraí a chinntiú agus chun ár sonraí a fheabhsú. Tugtar tús áite d'úsáid sonraí riaracháin fós, lena gcuirtear ar chumas an CSO léargas feabhsaithe a thabairt agus muid fós tiomanta don ualach ar sholáthraithe sonraí a laghdú.

Forbraíodh ról ceannaireachta CSO laistigh den Chóras Náisiúnta Staidrimh níos leithne agus is mó an tuiscint anois ar an tábhacht a bhaineann le sonraí i ngach cuid de phróisis chinnteoireachta. Léirítear sa Straitéis an chaoi is féidir leis an CSO cabhrú le feabhsuithe i gcaighdeán sonraí ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí a spreagadh trí thacaíocht le caighdeáin, scileanna agus seirbhísí staidrimh agus sonraí a chur ar fáil.

Beidh forbairtí tábhachtacha don CSO le feiceáil le linn shaolré na straitéise. Den chéad uair riamh i stair na hÉireann, beidh rogha ann chun freagra a thabhairt ar líne i nDaonáireamh 2027. In 2026, faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach, déanfaidh an CSO cathaoirleacht ar phlé Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar reachtaíocht staidrimh. Sna trí bliana amach romhainn díreofar níos mó ar inbhuanaitheacht agus ar léargas comhshaoil, agus beidh Clár uaillmhianach maidir le Staidreamh Sóisialta ann, lena n-áirítear suirbhé ar Fhoréigean Inscnebhunaithe agus mór-Shuirbhé Náisiúnta ar an Míchumas.

I bhfoireann CSO a luíonn a neart, agus mar gheall ar thiomantas leanúnach na foirne do luachanna CSO cinntítear go bhfuil muinín ag daoine asainn i gcónaí. Cinntítear go bhfuil an CSO in ann dúshláin na mblianta amach romhainn a chomhlíonadh mar gheall ar fhócas na foirne i dtaca le seirbhís den scoth a chur ar fáil.

**Jennifer Banim**
*An tArd-Stiúrthóir, An Phríomh-Oifig Staidrimh.*

# ÁR MISEAN

## Déanaimid cur síos ar Éirinn agus ar a háit ar domhan. Úsáidimid caighdeáin idirnáisiúnta chun príomhshonraí agus príomhléargas iontaofa a tháirgeadh maidir lenár sochaí, ár ngeilleagar, agus ár dtimpeallacht, lena n-úsáid ag líonta tí, pobail, gnólachtaí, cinnteoirí, seirbhísí poiblí agus taighdeoirí.

**Iarraimid níos lú ort.** Tugaimid tús áite d'úsáid sonraí riaracháin agus foinsí nua sonraí eile, agus do nascáil sonraí, chun léargas níos fearr a chur ar fáil agus chun an t-ualach agus na costais ar fhreagróirí a laghdú.


**Insímid níos mó duit.** Úsáidimid cur chuige nuálach agus uirlisí nuálacha chun anailís agus cur síos a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tháirgimid agus chun í a mhíniú. Oibrímid i gcomhar lenár gcuid úsáideoirí chun staidreamh agus seirbhísí inrochtana a chur ar fáil lena gcomhlíontar riachtanais na n-úsáideoirí sin agus lena gcabhraítear le bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht agus faoi phlé poiblí.

**Cuirimid barr feabhais inbhuanaithe chun cinn.** Tacaímid le hardfheidhmiúlacht agus ard-ghnóthú a chur cinn i measc ár foirne. Úsáidimid an teicneolaíocht go héifeachtach chun go mbeidh ár n-obair níos éifeachtaí agus níos freagrúla. Déanaimid grinnathbhreithniú ar ár bpróisis chun caighdeán an staidrimh a tháirgimid a chinntiú.

# ÁR SAINORDÚ

## Tá ár sainordú dlíthiúil bunaithe ar an Acht Staidrimh, 1993 agus ar Rialachán (AE) 223/2009 lena bhforáiltear go ndéanfaimid na nithe seo a leanas:

- Faisnéis neamhspleách agus oibiachtúil a bhaineann le gníomhaíochtaí agus dálaí eacnamaíocha, sóisialta agus ginearálta sa Stát **a bhailiú, a thiomsú, a bhaint amach agus a scaipeadh** chun críocha staidrimh.
- Staidreamh oifigiúil arna thiomsú ag údaráis phoiblí **a chomhordú** lena gcuirtear bonn eolais faoi chinnteoireacht ag sochaí, gnólachtaí agus lucht déanta beartas na hÉireann.
- **Staidreamh oifigiúil a chomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta a tháirgeadh,** lena gcinntítear go mbíonn faisnéis maidir le hÉirinn incomparáide go domhanda.



# LÉARGAS NEAMHSPLEÁCH DO CHÁCH

## ÁR LUACHANNA

Tá **ár luachanna,** a maireann **ár bhfoireann** dá réir, ina gcuid lárnach den chaoi ina gcuirimid staidreamh oifigiúil ar fáil maidir le hÉirinn

**Neamhspleáchas:** Táimid oibiachtúil, neamhchlaonta agus bímid ag feidhmiú le hardchaighdeán i gcónaí.

**Iontaofacht:** Táimid macánta agus trédhearcach. Cloímid le caighdeáin idirnáisiúnta staidrimh agus cuirimid táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil i mbealach eiticiúil.

**Rúndacht:** Cuirimid na caighdeáin is airde rúndachta agus measa i bhfeidhm ar phríobháideachas sonraí.

**Barr Feabhais sa tSeirbhís Phoiblí:** Úsáidimid ár saineolas chun seirbhís phoiblí is buntáistí go heacnamaíoch, atá éifeachtach agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

**Athrú a Stiúradh:** Táimid uaillmhianach, nuálach, oiriúnaitheach agus oibrímid i mbealach comhoibríoch chun próisis agus táirgí a fheabhsú. Tá caidreamh gníomhach againn lenár bpáirtithe leasmhara agus cabhraímid le daoine eile chun freastal ar an bpobal.



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

# ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA
## 2025 – 2028



**SONRAÍ AGUS STAIDREAMH A IOMPÚ INA bhFAISNÉIS AGUS EOLAS DO CHÁCH**



**BHEITH INA gCEANNAIRÍ SONRAÍ SA STÁTSEIRBHÍS AGUS SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ**



**ÁR bPRÓISIS AGUS ÁR gCÓRAIS A FHORBAIRT GO LEANÚNACH**



**CUR LE HACMHAINNEACHT ÁR nEAGRAÍOCHTA GO LEANÚNACH**



**ÁR mBONNEAGAR SONRAÍ A NEARTÚ AGUS A FHORBAIRT**

# Sonraí agus staidreamh a iompú ina bhfaisnéis agus eolas do chách



Cuirfimid staidreamh inrochtana ar ardcháilíocht ar fáil lena gcuirfear faisnéis ar fáil chun cur síos a dhéanamh ar mhuintir, sochaí, geilleagar agus timpeallacht na hÉireann.

**Ionas gur féidir linn é sin a dhéanamh, déanfaimid an méid seo a leanas**

- Leanúint le staidreamh a chomhlíonann ceanglais agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur ar fáil, lena gcinntítear go mbíonn staidreamh oifigiúil na hÉireann inchomparáide go hidirnáisiúnta.
- Dul i mbun caidrimh go gníomhach lenár bpáirtithe leasmhara chun na riachtanais faisnéise is tábhachtaí atá acu a shainaithint agus chun freastail ar na riachtanais sin.
- Ábharthacht ár staidrimh a uasmhéadú chun a chinntiú go gcuirtear léargas ar phríomh-shaincheisteanna athraitheacha is ábhar spéise do shochaí, gnólachtaí agus lucht déanta beartas na hÉireann ar fáil leo.
- Staidreamh a chur ar fáil do gach úsáideoir trí bhealaí feabhsuithe cumarsáide agus trí uirlisí idirghníomhacha.
- Cloí le Prionsabail Bhunúsacha na Náisiún Aontaithe maidir le Staidreamh Oifigiúil agus Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh.

# Bheith ina gceannairí sonraí sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí



Spreagfaimid dul chun cinn an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta chun a chinntiú go bhfuil caighdeán ag sonraí na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí a chumasaíonn a gcomhtháthú agus a n-úsáid ar fud gach céim cinnteoireachta agus forbartha beartais.

**Ionas gur féidir linn é sin a dhéanamh, déanfaimid an méid seo a leanas**

- Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí maidir le forbairt na gcaighdeán, na scileanna agus na seirbhísí sonraí.
- Tacú leis an Státseirbhís agus leis an tSeirbhís Phoiblí chun a gcuid sonraí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha beartas, pleanála agus straitéise.
- Líon Chomhlachtaí na hEarnála Poiblí arna n-athbhreithniú do dheimhniúchán faoi Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCOP) a mhéadú, lena gcuirtear cinnteacht ar fháil go dtiomsaítear staidreamh oifigiúil arna tháirgeadh ag na comhlachtaí sin faoi réir ag prionsabail stuama staidrimh agus bainistíochta sonraí.
- Líonra de Chomhordaitheoirí Seirbhíse Sonraí a bhunú chun forbairt agus comhtháthú sonraí ardchaighdeáin de réir téamaí ó gach foinse príomhúil agus tánaisteach a stiúradh, lena gcinntítear seachadadh seirbhísí sonraí náisiúnta atá éifeachtach, iontaofa a mbeidh tionchar mór acu.
- Úsáid micreashonraí arna rialú agus arna n-anaithnidiú mar is cuí a éascú do chinnteoirí agus don phobal taighde níos leithne.
- Tacú le forbairt agus le cur chun feidhme Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí níos leithne.

## Ár mbonneagar sonraí a neartú agus a fhorbairt

**Leanaimid de shuirbhéanna CSO a fheabhsú agus a chuíchóiriú agus an úsáid a bhaineann muid as foinsí sonraí nua agus foinsí sonraí tánaisteacha á leathnú againn.**



**Ionas gur féidir linn é sin a dhéanamh, déanfaimid an méid seo a leanas**

- Úsáid ár n-acmhainní agus scileanna sonraí a uasmhéadú chun ár soláthar faisnéise ábhartha a fheabhsú don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí trí Straitéis Sonraí CSO a chur i bhfeidhm.
- Leanúint de forbairt a dhéanamh ar bhailiú sonraí tánaisteacha mar chomhlánú ar bhailiú sonraí príomhúla agus chun an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú agus chun a chinntiú go mbeidh an CSO ábhartha fós trí fhoinsí nua sonraí a úsáid ar mhaithe le freastal ar riachtanais faisnéise atá ag teacht chun cinn.
- Úsáid foinsí sonraí riaracháin i seilbh phríobháideach agus ar fáil go poiblí a shainaithint, a aimsiú agus a mhéadú do tháirgeadh staidrimh oifigiúil agus seirbhísí sonraí, i gcomhoibriú le soláthraithe agus le húsáideoirí sonraí.
- Ár soláthar seirbhísí staidrimh agus sonraí a fhorbairt don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí trí fhoirne atá tiomanta do bhonneagar sonraí, trínár réimsí tacaíochta níos leithne, agus trínár saineolaithe i réimse an staidrimh.
- Innealtóireacht sonraí a fhorbairt lena ndíreofar ar droma sonraí a thógáil chun nascáil agus comhtháthú éifeacht tacar sonraí a éascú agus chun tacú le tionscadal i dtaca seomra sonraí fíorúil a thabhairt chun críche i réimsí éagsúla.

## Ár bpróisis agus ár gcórais a fhorbairt go leanúnach

**Cuirfimid ardáin theicniúla atá sábháilte a mbeidh teacht aniar iontu ar fáil agus tacaímid le huirlisí agus próiseas nua-aimseartha, staidrimh, anailíseacha, rialachais agus oibriúcháin d'úsáid.**



**Ionas gur féidir linn é sin a dhéanamh, déanfaimid an méid seo a leanas**

- Teicneolaíocht dhigiteach a leabú chun ár seirbhísí staidrimh a athrú ó bhonn chun go mbeidh sé chomh héasca agus is féidir sonraí a chur ar fáil don CSO i mbealach atá oiriúnach agus chun ár n-aschur a úsáid gan stró trí uirlisí inrochtana agus faisnéiseacha a úsáid.
- Cur leis an tacaíocht mar le comhar i dtimpeallacht oibre nua-aimseartha CSO.
- Cumas cibearsheasmhachta agus aibíocht fhoireann, phróisis agus chórais CSO a neartú trí bheartais, feasacht agus rialachas láidir.
- Samhail seirbhíse ó cheann go ceann a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le fáil, próiseáil, rialachas agus cosaint na sonraí atá á gcoinneáil ag an CSO, lena n-áirítear úsáid modhanna agus uirlisí staidrimh agus teicniúla nua-aimseartha.
- Scileanna agus uirlisí geospásúla CSO a fhorbairt a thuilleadh chun seachadadh sonraí agus léargais níos mionsonraithe a éascú.
- Úsáid eiticiúil intleachta saorga agus meaisínfhoghlama a thabhairt isteach ar mhaithe le leas úsáideoirí ár staidrimh agus le leas ár bhfoirne.
- Ár bhforbairtí caighdeáin, atá bunaithe i modheolaíocht láidir agus i dteicnící láidre, a thabhairt le chéile, laistigh den saolré táirgthe staidrimh.

# Cur le hacmhainneacht ár n-eagraíochta go leanúnach

**Tabharfaimid tús áite do chultúr ardfheidhmíochta barr feabhais agus nuálaíochta i ngach gné dár modh oibre.**



**Ionas gur féidir linn é sin a dhéanamh, déanfaimid an méid seo a leanas**

- Foireann ardoilte a earcú, a fhorbairt agus infheistíocht leanúnach a dhéanamh iontu mar is iadsan cnámh droma an aschuir agus na seirbhísí staidrimh den scoth atá á gcur ar fáil againn.
- Inniúlacht sonraí agus saineolas staidrimh a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud CSO agus an Chórais Staidrimh Náisiúnta níos leithne.
- Tacaíocht chorparáideach, timpeallachta agus rialachais atá láidir agus inbhuanaithe a chur ar fáil.
- Rannpháirtíocht foirne dhinimiciúil a spreagadh, arna neartú go leanúnach ag tiomantas don chothromas, don éagsúlacht agus don ionchuimsitheach ar fud ár n-eagraíochta.
- Luach ar airgead a léiriú i sainmhíniú, bainistíocht, seachadadh, scaipeadh agus cumarsáid ár gclár oibre, de shíor ag cur ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla san áireamh.

**Is bonn eolais é an Ráiteas Straitéise seo faoi fhorbairtí straitéiseacha eile ar fud CSO, agus cuirtear leo leis, lena n-áirítear:**

- An Straitéis Sonraí
- Le Chéile, An Straitéis Daonna
- An Straitéis Cháilíochta
- An Straitéis Teicneolaíochta
- An Straitéis Chumarsáide
- An Straitéis IS